

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Tuairisc na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024

Uimhir Cláraithe: 485223

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)
Tuairisc na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais

Clár

Stiúrthóirí agus Eolas Eile	Leathanach 3
Tuairisc na Stiúrthóirí	Leathanach 4 - 6
Ráiteas faoi Freagracht Stiúrthóirí	Leathanach 7
Tuairisc na nIniúcháirí Neamhspleach	Leathanach 8 - 11
Ráiteas ar Chníomhaíochtaí Airgeadais	Leathanach 12
Clár Comhárdaithe	Leathanach 13
Ráiteas i dtaobh Athruithe ar na Cúlchistí	Leathanach 14
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	Leathanach 15
Nótaí faoi na Cuntais	Leathanach 16 - 24
<i>Eolas sa bhreis nach cuid de na Ráitis Airgeadais Iniúchta Reachtúil é</i>	
Cuntas Ioncam agus Caiteachas	Leathanach 26

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Stiúrthóirí agus Eolas Eile

Stiúrthóirí

Breandán Ó Caollaí (Cathaoirleach)
Alan Titley
Liam Ó Maoladha
Gráinne Ní Ghillín
Cormac de Barra
Máire Ní Annracháin (Ceaptha 30/05/24)
Michael Doherty (Ceaptha 03/07/24)
Clíona Ní Bhuachalla (Ceaptha 03/07/24)
Martha Fitzgerald (Ceaptha 06/01/25)
Muiris Ó Fiannachta (Éirithe As 20/08/24)
Cathal Póirtéir (Éirithe As 30/05/24)
Fionnuala Ní Dhúgáin (Éirithe As 06/09/24)
Cormac Ó Dúlacháin (Éirithe As 20/08/24)
Emma Ní Chearúil (Éirithe As 17/04/24)

Rúnaí

Liam Ó Maoladha

Oifig Cláraithe

262 Céide an Phiarsaigh
An Naigín
Co Bhaile Átha Cliath
A96 Y527

Uimhir Chláraithe

485223

Uimhir Carthanachta

20078429

Iniúcháir

Murtagh & Co
Cuntasóirí Cairte & Iniúcháir Reachtíuil
An Dara hUrlár
Oifig an Phlaza
Bóthar Áth Cinn
Gaillimh

Banc

Bainc-Aontais Éireann
1 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)
Tuairisc Na Stiúrthóirí

Is mian leis na stiúrthóirí a dtuarascáil a chur faoi bhráid an Chruinníú Cinn Bhliana chomh maith le Cuntais Iniúchta Airgeadais an chomhlachta don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2024.

Príomhghníomhaíochtaí

Eagraíonn an chuideachta féile bhliantúil agus imeachtaí eile chun litríocht agus cultúr na Gaeilge a chothú agus a cheiliúradh. Bhí 12 imeacht mar chud d'fhéile IMRAM 2024. Ina measc bhí na tionscadail inmheánacha *Sreang Dhoifheicthe: Tionscadal Taylor Swift; Gloine na Mara* (tionscadal filíochta ilmheánach i nGaeilge na hAlbain agus Gaeilge na hÉireann); agus *Clochdhánta* (ceiliúradh ar shaothar agus ar shaol Chliodhna Cussen). Sa chomórtas filíochta *Duais Haiku Basho* tugadh cuireadh do dhaltáí bhunscoile haiku a chumadh.

Lasmuigh den phríomhfhéile, léirigh IMRAM scata imeachtaí i réimsí éagsúla i gcaitheamh na bliana, ina measc IMRAM na nÓG (25 imeacht do pháistí); *Mo Bhealach Féin: Tionscadal Santōka Taneda*, imeacht haiku ag Féile na Gealaí i Ráth Chairn; trí imeacht i mBéal Feirste, ina measc na tionscadail ilmheánacha *An Tram Deireanach*, bunaithe ar scéalta leis an scríbhneoir Feirsteach, Liam Mac Carráin; agus *Buile Shuibhne*.

I gcaitheamh 2024 bhí IMRAM i mbun comhpháirtíochta le Poetry Ireland/Éigse Éireann; Cork World Book Fest; Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath; Áras Mhic Reachtain; Ionad Seamus Heaney; Cumann Chluain Ard; Féile na Gealaí; Leabharlanna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; agus an leabharlann Lexicon, Dún Laoghaire.

Is mar a leanas a bhí an tinreamh i mbliana:

FÉILE IMRAM

Mé Brí an Dána - 27/Tionscadal Taylor Swift – 320 x 2 = 640/Mórléamh- 40/ Ó Ghleann go Gleann – 70/Léarscáil Litríochta –50/Ficsean Nua – 27/An Craiceann agus a Luach – 145/CEOLTA – 70/Clochdhánta – 86/Gloine na Mara - 31/Agallamh le Rita Kelly – 0 (curtha ar ceal)

IMRAM COIS CUAIN (Béal Feirste)

The Discovery Lectures – 60/An Tram Deireanach – 90/Buile Shuibhne – 35

FÉILE NA GEALAÍ - 20

IMRAM na nÓG

San iomlán, d'fhreastail 911 páiste agus 76 duine fásta, sin 987 san iomlán ar 25 imeacht le linn na féile.

Cork World Book Fest/Éist leis an Éanfhlaith – 70

Údar faoi Agallamh : Scannáin ar Youtube

Louis de Paor – 49/Ré Ó Laighléis – 47/Anna Heussaff – 154/Marcus MacConghail – 186/Ailbhe Ní Ghearbhuigh - 102

Duais Basho: Ghlac 224 déagóir ó iarbhunscoileanna thart timpeall an oileáin páirt sa gcomórtas dátheangach DUAIS BASHŌ

San iomlán d'fhreastal 3210 duine ar imeachtaí IMRAM i 2024

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)
Tuairisc Na Stiúrthóirí
(Ar Lean)

Torthaí Airgeadais

Tá an Ráiteas ar Chníomhaíochtaí Airgeadais agus an Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar leathanaigh 12 agus 13. Ag deireadh na bliana airgeadais bhí sócmhainní comhlána de €40,224 (2023 – 102,490) agus dliteanais chomhlána de €27,230 (2023 - €89,161) ag an gcarthanas. Tháinig laghdú €315 (2023 €19,654) ar ghlandhliteanais an charthanais.

Stiúrthóirí

Is iad seo a leanas na stiúrthóirí a bhí ann le linn na bliana, mura léirítear a mhalairt:

Breandán Ó Caollaí (Cathaoirleach)
Alan Titley
Liam Ó Maolaodha
Gráinne Ní Ghillín
Cormac de Barra
Máire Ní Annracháin (Ceaptha 30/05/24)
Michael Doherty (Ceaptha 03/07/24)
Clíona Ní Bhuachalla (Ceaptha 03/07/24)
Martha Fitzgerald (Ceaptha 06/01/25)
Muiris Ó Fiannachta (Éirithe As 20/08/24)
Cathal Póirtéir (Éirithe As 30/05/24)
Fionnuala Ní Dhúgáin (Éirithe As 06/09/24)
Cormac Ó Dúlacháin (Éirithe As 20/08/24)
Emma Ní Chearúil (Éirithe As 17/04/24)

De réir Bhunreacht na cuideachta éiríonn Liam Ó Maolaodha, Gráinne Ní Ghilín agus Cormac de Barra as an mBord Stiúrtha agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith tofa.

Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.

Imeachtaí Iár-Chlár Comhárdaithe

Níor tharla aon ní suntasach ó 31 Nollaig 2024 i leith a mbeadh tionchar aige ar an gcomhlacht.

Forbairtí sa Todhchaí

Leanfaidh an chuideachta ag obair faoi mar atá sí faoi láthair sa bhliain seo chugainn.

Rioscaí Bunairigid agus Neamhchinntí

Baineann príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí le maoiniú leanúnach go ceann i bhfad a thabharfaidh deis don chomhlacht a chlár gníomhaíochtaí a riaradh.

Dea-choimeád na Leabhar gCuntais

Chun a chinntiú go gcoimeádtar taifid chuntasaíochta leordhóthanacha de réir ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá pearsanra cuntasaíochta atá cáilithe go cuí fostaithe ag na stiúrthóirí agus tá córais chuntasaíochta ríomhairithe cuí coinnithe acu. Tá na taifid chuntasaíochta lonnaithe in oifig an chomhlachta in Indreabhán, Co na Gaillimhe.

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)
Tuairisc Na Stiúrthóirí
(Ar Lean)

Ráiteas ar Fhaisnéis Iniúchta Ábhartha

De réir Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014, chomh fada agus is eol do gach duine de na daoine atá ina stiúrthóirí ag an am a fhaomhtar an tuarascáil seo, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil na hiniúcháirí reachtúla ar an eolas fúithi. Tá gach beart déanta ag na stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus tá sé cruthaithe acu go bhfuil na hiniúcháirí reachtúla ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Síntiúis Pholaitíochta

Ní dhearnadh aon síntiúis pholaitíochta i rith na bliana a d'éileodh nochtadh faoin Acht Toghcháin, 1997.

Iniúcháirí

Ceapadh Murtagh & Co, Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Reachtuil Iniúcháireachta, mar iniúcháirí na cuideachta.

Thar cheann an Bhoird:

Stiúrthóir: Liam Ó Maolaotha
Liam Ó Maolaotha

Stiúrthóir: Breandán Ó Caollaí
Breandán Ó Caollaí

Dáta: 13ú Lúnasa 2025

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)
Ráiteas faoi Freagracht Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an dlí is infheidhme in Éirinn agus leis an gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

Tá sé dlite de réir Dlí Cuideachta go n-ullmhódh na Stiúrthóirí ráitis airgeadais do chuile bhliain airgeadais.

Faoin dlí sin tá socrú déanta ag na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 “Na Caighdeáin Cleachtais Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis ag Sasana agus Éirinn”. Feidmítear Rannóg 1A den chaighdeán sin (caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura deimhin leo go dtugtar léargas firinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta mar a bhí ar dháta deiridh na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta don bhliain airgeadais sin agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht na gCuideachtaí, 2014.

I réiteach na ráitis airgeadais seo, ní mhór do na Stiúrthóirí:

- Polasaithe cuntasaíochta feiliúnacha a roghnú le haghaidh ráitis airgeadais na cuideachta agus cloí leo go rialta;
- Breithiúnais agus meastúcháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Dearbhú a thabhairt i dtaobh cibé acu a ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shonrú, agus cuntas a thabhairt ar an éifeacht atá le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus na fáthanna atá le haon imeacht ábhartha den sórt sin; agus
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as deimhin a dhéanamh de go gcoimeádann an chuideachta nó go gcuireann sí faoi deara go gcoimeádtar taifid dhóthanacha chuntasaíochta ina mínítear agus ina dtaifeadtar i gceart idirbhearta na cuideachta, lena gcumasaítear tráth ar bith sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta a dhéanamh amach ar shlí réasúnta cruinn, lena gcumasaítear dóibh deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí, 2014 agus lena gcumasaítear na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a choinneáil slán agus dá réir sin as bearta réasúnacha a chur i gcrích chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar cheann an Bhoird:

Stiúrthóir: Liam Ó Maolaoitha
Liam Ó Maolaoitha

Stiúrthóir: Breandán Ó Caollaí
Breandán Ó Caollaí

Dáta: 13ú Lúnasa 2025

Tuarascálacha na nIniúcháirí Neamhspleácha ar na Ráitis Airgeadais do Bhaill IMRAM Féile Litríochta Gaeilge

Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais charthanachta IMRAM Féile Litríochta Gaeilge ('an Charthanacht') don bhliain dar chríoch an 31ú Nollaig 2024 ina bhfuil an Ráiteas Gníomhaíochtaí Airgeadais (lena n-áirítear Cuntas Ioncaim agus Caiteachais), an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 2. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a curadh i bhfeidhm agus iad a n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus FRS 102 Rannóg 1A "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" agus Cuntasaíocht agus Tuairisciú ag Carthanachtaí: Ráiteas Cleachtais Mholta is infheidhme maidir le carthanachtaí atá ag ullmhú a guntas i gcomhréir le FRS 102.

Is é ár dtuairim, maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fíor agus cothrom iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na carthanacht amhail an 31ú Nollaig 2024 agus ar easnamh na cuideachta don bhliain dar chríoch an dáta sin;
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir FRS 102 Rannóg 1A "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann"; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

An bonn atá faoin tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (Éire) (ISAs (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin i bhfreagrachtaí an Iniúchára maidir leis an iniúchadh i rannán na ráiteas airgeadais dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na gceanglas eitice atá ábhartha maidir lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil a d'eisigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus na Forálacha atá ar Fáil d'Iniúchtaí ar Eintitis Bheaga, sna himthosca atá leagtha amach i nóta 3 leis na ráitis airgeadais, agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na ceanglais sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuairamar dóthanach agus cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim.

Tástail a bhaineann le gnóthas leantach

Tá cinnte againn, agus iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais, go bhfuil an úsáid a bhaineann na stiúrthóirí as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú oiriúnach.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó le chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na carthanachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a n-údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Tá ár bhfreagrachtaí agus freagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leanúnach curtha síos sna rannóga ábhartha den tuarascáil seo.

**Tuarascálacha na nIniúcháirí Neamhspléacha ar na Ráitis Airgeadais
de Bhaill IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Ar Leanúint)**

Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Áirítear san fhaisnéis eile an fhaisnéis eile atá ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus ár dTuarascáil Iniúcháirí ina dtaobh sin. Ní chuimsíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin a mhéad a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní léirímid aon chineál tátail dearbhaithe air sin.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin, breithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas ar thángthamar air san iniúchadh, nó an dealraitheach go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha ar shlí eile. Má shainaithnímid neamhréireachtaí ábhartha nó míshonruithe ábhartha dealraitheacha den sórt sin, ceanglaítear orainn a chinneadh an bhfuil aon mhíshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó mhíshonrú ábhartha déanta ar an bhfaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go dtagaimid ar an tuairim go ndearnadh míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orainn an fíoras sin a thuairisciú. Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis seo.

Tuairim ar nithe eile arna leagan amach ag Acht na gCuideachtaí 2014

Is é ár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneamar i gcaitheamh an iniúchta, tuairiscímid an méid seo a leanas:

- tá an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain airgeadais ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais ina leith ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gcoinníollacha ar fad a bhaineann léi faoin dlí; agus
- bhí taifid chuntasaíochta na carthanachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí agus tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir, a mhéid is fearr is eol dúinn agus a chreidimid, a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.

Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus mar is ceart agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair a gceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt orthu ar bhonn eisceachtúil

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an gcuideachta agus a timpeallacht a fuaireamar i rith an iniúchta, níor shainaithníomar aon mhíshonrú ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí. Ceanglaítear orainn le hAcht na gCuideachtaí, 2014 tuairisc a thabhairt daoibh más rud é, inár dtuairim, nach ndéantar luach saothair ná idirbhearta na stiúrthóirí a nochtadh faoi mar a cheanglaítear é sin a dhéanamh le hait 305 go 312 den Acht. Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis seo.

Freagrachtaí faoi seach

Freagrachtaí na stiúrthóirí i leith na ráiteas airgeadais

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as bheith sásta go dtugann siad léargas

**Tuarascálacha na nIniúcháirí Neamhspléacha ar na Ráitis Airgeadais
de Bhaill IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Ar Leanúint)**

fíor agus cothrom, agus as cibé rialú inmheánach a chinneann siad a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a ullmhú.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is infheidhme, nithe a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus ag baint úsáid as an mbonn gnóthais leantaigh cuntasáíochta mura bhfuil sé i gceist ag an lucht bainistíochta an chuideachta a leachtú nó deireadh a chur lena hoibriú, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.


Freagrachtaí an iniúcháora maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnach a fháil i dtaobh an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus Tuarascáil Iniúcháora a bhfuil ár dtuairim ar áireamh inti a eisiúint. Is ionann dearbhú réasúnach agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go n-aimseofar in iniúchadh a dhéantar de réir ISAs (Éire) míshonrú ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir le míshonruithe eascairt as calaois nó as earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina gcomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí ar cinntí iad a ghlacfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais le fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, ar leathanach 10, agus ba chóir an cur síos breise sin a léamh mar chuid dhílis dár dtuarascáil.

Cuspóir ár n-oibre iniúchta agus na daoine a bhfuilimid freagrach dóibh

Tá ár dtuarascáil á déanamh do chomhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, agus dóibhsean amháin, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta ionas gur féidir linn na nithe sin a gceanglaítear orainn iad a chur in iúl do chomhaltaí na cuideachta i dTuarascáil Iniúcháora a chur in iúl dóibh; ní dhearnadh an obair iniúchta sin chun aon chríche eile. A oiread agus a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid le haon fhreagracht ná ní ghlacaimid orainn féin aon fhreagracht do dhuine ar bith seachas don chuideachta agus comhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí ar thángthamar orthu.


Bernadette Murtagh

le haghaidh agus thar ceann
MURTAGH & CO.

Cuntasóirí Cairte & Iniúcháirí Reachtiúil
An Dara hUrlár
Oifig an Phlaza
Bóthar Áth Cinn
Gaillimh

Dáta: 11/08/05

Aguisín a Ghabhann le Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách

Tuilleadh faisnéise maidir le raon feidhme ár bhfreagrachtaí mar iniúcháir

Mar chuid d'iniúchadh de réir ISAs (Éire), bíonn breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil i réim againn ó thús deireadh an iniúchta. Lena chois sin, déanaimid an méid seo a leanas:

- Na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta atá freagrach do na rioscaí sin a dhearadh agus a chur i gcrích; agus teacht ar fhianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim. Is mó an riosca a bhíonn ann nach n-aimseofaí míshonrú ábhartha a tharlaíonn de bharr calaoise ná nach n-aimseofaí míshonrú ábhartha a tharlaíonn de bharr earráide, mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, bréagléiriú, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Tuiscint a fháil ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta atá oiriúnach sna himthosca a dhearadh, ach gan é sin a dhéanamh chun tuairim a léiriú i dtaobh éifeachtacht rialú inmheánach na cuideachta.
- Meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta atá á n-úsáid ar agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtuithe gaolmhara a rinne na stiúrthóirí.
- Teacht ar thátal i dtaobh a oiriúnaí atá an úsáid a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn gnóthais leantaigh cuntasáiochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, teacht ar thátal i dtaobh an mbaineann neamhchinnteacht ábhartha le tarlúintí nó le dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaimid ar an tátal go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orainn aird a tharraingt inár dTuarascáil Iniúcháir ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe sin, ár dtuairim a mhodhnú. Tá ár dtátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuaireamar go dtí dáta ár dTuarascáil Iniúcháir. Mar sin féin, d'fhéadfadh, de bharr tarlúintí nó dálaí amach anseo, go scorfadh an chuideachta de bheith ina gnóthas leantach.
- Meastóireacht a dhéanamh ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais trí chéile, lena n-áirítear na nochtuithe, agus ar cibé acu atá léiriú sna ráitis airgeadais ar na hidirbhearta agus ar na tarlúintí bunúsacha ionas go bhfuil an cur i láthair cothrom.

Déanaimid cumarsáid leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu i dtaobh, i measc nithe eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus bhreith-thorthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh suntasach ar an rialú inmheánach a shainaithnímid le linn ár n-iniúchta.

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais
(Cuntas Ioncaim agus Caiteachas Ionchorprú)
don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 Cistí Neamh- Shrianta €	2024 Cistí Srianta €	2024 Iomlán €	2023 Iomlán €
Ioncam					
Gníomhaíochtaí Carthanúla					
- Deontais ón Rialtais agus ó chomhfhaoinitheoirí eile	5	215,000	56,044	271,044	241,672
- Ioncam Eile	5	12,784	-	12,784	4,280
Ioncam Iomlán		227,784	56,044	283,828	245,952
Caiteachas					
Gníomhaíochtaí Carthanúla	6	228,099	56,044	284,143	265,606
(Easnamh) don Bhliain		(315)	-	(315)	(19,654)
Aistrithe idir Cistí		-	-	-	-
Glanghluaiseacht i gCistí		(315)	-	(315)	(19,654)
Réiteach Cistí					
Cistí Iomlána ag Tús na					
Bliana		13,329	-	13,329	32,983
Glanghluaiseacht í gCistí		(315)	-	(315)	(19,654)
Cistí Iomlána ag Deireadh					
Na Bliana		13,014	-	13,014	13,329

Ráiteas de Ghnóthachain agus de Chaillteanais Aitheanta

Áirítear sa Ráiteas Gníomhaíochtaí Airgeadais na gnóthachain agus na uile a aithníodh sa bhliain airgeadais. Baineann gach ioncam agus caiteachas le gníomhaíochtaí leantacha.

Faofa ag an mBord Stiúrthóirí ar 13ú Lúnasa 2025 agus sínithe thar a cheann ag:

Stiúrthóir: Liam Ó Moalaodha
Liam Ó Moalaodha

Stiúrthóir: Breandán Ó Caollaí
Breandán Ó Caollaí

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Clár Comhárdaithe ar an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €	2023 €
Socmhainní Reatha			
Cuntas Banc		38,005	99,033
Fiachóirí	10	2,239	3,457
		<u>40,244</u>	<u>102,490</u>
Freagrachtaí Reatha			
Creidneoirí	11	27,230	89,161
		<u>13,014</u>	<u>13,329</u>
Glansocmhainní Reatha		<u>13,014</u>	<u>13,329</u>
Cistí			
Cúlchiste Neamhshrianta		<u>13,014</u>	<u>13,329</u>

Faofa ag an mBord Stiúrthóirí ar 13/08/25 agus sínithe thar a cheann ag:

Stiúrthóir: Liam Ó Maolaoitha
Liam Ó Maolaoitha

Stiúrthóir: Breandán Ó Caollaí
Breandán Ó Caollaí

Dáta: 13ú Lúnasa 2025

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €	2023 €
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (Easnamh) don bhliain		(315)	(19,654)
Gluaiseachtaí sa chaipiteal oibre			
Gluaiseacht sna féichiúnaithe		1,218	(1,208)
Gluaiseacht sna creidiúnaithe		(61,931)	18,117
Airgead arna ghiniúint ó oibríochtaí		(61,028)	(2,745)
Laghdú glan ar airgead tirim agus ar choibhéis airgid thirim		(61,028)	(2,745)
Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim ar an 1 Eanáir		99,033	101,778
Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim ar an 31 Nollaig	15	38,005	99,033

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Nótaí faoi na Cuntais don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024

1. Faisnéis Ghinearálta

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta i bPoblacht na hÉireann is ea IMRAM Féile Litríochta Gaeilge. Tá oifig chláraithe na cuideachta lonnaithe 262 Céide an Phiarsaigh, An Naigín, Co Báile Átha Cliath, A96 Y527, áit a bhfuil príomhoifig gnó na cuideachta freisin. Is iad 485223 uimhir chláraithe an comhlacht, 20078423 uimhir an Rialálaí Charthanas agus CHY19903 uimhir charthanach na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá eolas faoi oibreachtaí agus príomhghnó na cuideachta ar fáil i dTuairisc na Stiúrthóirí. Is é an Euro (€) airgeadra na cuideachta agus tá na Ráitis Airgeadais curtha i láthair i Euro.

2. Polasaí Cuntasaíochta

Ráiteas i dtaobh Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na carthanachta don bhliain airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus i gcomhréir leis an Ráiteas Cleachtais Mholta (SORP) “Cuntasaíocht agus Tuairiciú ag Carthanachtaí atá ag ullmhú a gcuntas i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) (éifeachtach ón 1 Eanáir 2015)” agus FRS102 (An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann”.

An Bonn atá faoin Ullmhú

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, modhnaithe chun míreanna áirithe a áireamh ar luach cóir. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais agus an Ráiteas Cleachtais Mholta (SORP) is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” agus eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

Tá an Carthanas tar éis SORP na gCarthanas a chur i bhfeidhm ar bhonn deaonach toisc nach ceanglas de na rialacháin reatha do carthanachtaí atá cláraithe i bPoblacht na hÉireann é a chur i bhfeidhm. Mar a cheadaítear le hAcht na gCuideachtaí, tá na formáidí caighdeánacha san Acht sin athraithe ag an gcarthanas don Ráiteas Gníomhaíochtaí Airgeadais agus don Chlár Comhardaithe. Tá sé i gceist le himeacht ó na formáidí caithdeánacha, mar atá leagtha amach in Acht na gCuideachtaí 2014, comhlíonadh a dhéanamh le ceanglais SORP na gCarthanas agus tá siad i gcomhréir le halt 4.7, 10.6 agus 15.2 den SORP sin.

Cuntasaíocht Ciste

Seo a leanas na catagóirí cistí a choimeádtar:

Cistí Srianata

Is ionann cistí srianata agus ioncam a fhaightear nach féidir a úsáid ach chun críocha áirithe, mar a shonraíonn na deontóirí. Tá na críocha sin laistigh de chuspóirí foriomlána na carthanachta.

Cistí Neamhshrianata

Is éard atá i gceistí neamhshrianata ná cistí Ginearálta agus Ainmhithe.

- Is ionann cistí ginearálta agus suimeanna atá inchaite de réir rogha an bhoird, chun cuspóirí an charthanachta a chur chun cinn.

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Nótaí faoi na Cuntais don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024
(Ar Lean)

2. Polasaí Cuntasaíochta (Ar Lean)

- Is éard atá i gistí ainmnithe cistí neamhshrianta a chuireann an bord, de réir a rogha féin, ar leataobh chun críocha áirithe. Níl ach cuspóir riaracháin ag baint leis na hainmníúcháin seo, agus ní chuireann siad srian dlíthiúil ar rogha an bhoird an ciste a chur i bhfeidhm.

Ioncam

Ní aithnítear ioncam trína chur san áireamh sa Ráiteas Gníomhaíochtaí Airgeadais ach amháin nuair a bhíon an carthanas i dteideal an ioncaim go dleathach, nuair a chomhlíontar na coinníollacha feidhmíochta a bhaineann leis an mír/na míreanna ioncaim, nuair is féidir na méideanna atá i gceist a thomhas le hiontaofacht leordhóthanach agus nuair is dócha go bhfaighidh an carthanas an t-ioncam.

Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Carthanachta

Áirítear ar ioncam ó ghníomhaíochtaí carthanachta ioncam a thuilltear ó sholáthar seirbhísí faoi shocrúithe conarthacha agus ó dheontais a bhaineann le feidhmíocht a bhfuil coinníollacha acu a shonraíonn soláthar seirbhísí áirithe atá le soláthar ag an gcarthanas. Aithnítear ioncam ón rialtas agus ó chomh-mhaoinitheoirí eile nuair a bhíonn an carthas i dteideal an ioncaim go dleathach toisc go bhfuil sé ag comhlíonadh na gcoinníollacha atá comhaontuithe maoinithe gaolmhara. I gcás ina bhfaightear deontas roimh ré, cuirtear a aitheantas siar agus áirítear é i measc creidiúnaithe. I gcás ina dtarlaíonn teidlíoch sula bhfaightear ioncam, carntar é i measc féichiúnaithe.

De ghnáth, áirítear ceann de na cineálacha coinníollacha seo a leanas i ndeontais ó rialtais agus ó chomh-mhaoinitheoirí eile:

- Coinníollacha bunaithe ar fheidhmíocht: trína bhfuil an carthanas i dteideal maoiniú de réir conartha ach amháin a mhéid a bhaintear amach príomhchuspóirí an chomhaontaithe deontais. I gcás ina bhfuil an carthanas ag comhlíonadh príomhchuspóirí comhaontú deontais, aithníonn sé an caiteachas gaolmhar, a mhéid is féidir leis an deontóir é a aisíoc, mar ioncam.

-Coinníollacha bunaithe ar am: trína bhfuil an carthanas i dteideal conarthach maoinithe ar an gcoinníoll go n-úsáidtear é i dtréimhse áirithe. Sna cásanna seo, aithníonn an carthanas an t-ioncam sa mhéid a úsáidtear é laistigh den tréimhse a shonraítear sa chomhaontú.

In éagmais na gcoinníollacha sin, ag glacadh leis go bhfuil dóchúlacht ann go bhfaighfear an deontas agus gur féidir an méid a thomhas go hiontaofa, aithnítear ioncam deontais a luaithe a chuirtear an carthanas ar an eolas faoin teidlíocht.

Creidmheastar deontais a fhaightear i dtreo caiteachais chaipitiúil don Ráiteas ar Gníomhaíochtaí Airgeadais nuair a fhaightear iad nó nuair a bhíonn siad infhaighte, cibé acu is luaithe.

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Nótaí faoi na Cuntais don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024
(Ar Lean)

2. Polasaí Cuntasaíochta (Ar Lean)

Caiteachas

Déantar anailís ar chaiteachas idir costais ghníomhaíochtaí carthanachta agus bailiú cistí. Déantar costas gach gníomhaíochta a chnádadh agus a nochtadh ar leithligh, agus déantar anailís orthu de réir a bpríomhchodanna. Aithnítear caiteachas nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ann mar thoradh ar imeacht san am a chuaigh thart, nuair is gá sochair eacnamaíocha a aistriú mar shocraíocht agus is féidir méid na hoibleagáide a thomhas go hiontaofa. Is iad costais tacaíochta na feidhmeanna sin a chuidíonn le hobair na carthanachta ach nach féidir a chur i leith gníomhaíochta amháin. Déantar costais den sórt sin a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí i gcomhréir leis an am a chaitear ag an bhfoireann nó le beart oiriúnach eile do gach gníomhaíocht.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid airgead tirim sa bhanc agus ar láimh, taiscí éilimh le bainc agus infheistíochtaí ardleachta gearrthéarmacha eile le haibíochtaí bunaidh de thrí mhí nó níos lú agus rótharraingtí bainc. Sa Chlár Comhardaithe taispeántar rótharraingtí bainc laistigh de Chreidiúnaithe.

Fiachóirí Trádála agus Fiachóirí Eile

Déantar fiachóirí trádála agus fiachóirí eile a aithint i dtosach de réir luach cóir agus sonraítear ina dhiaidh sin iad de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh ráta úis, ach amháin sa chás gurbh ionann agus éifeacht neamhábhartha an éifeacht a bheadh le lascainiú, agus sa chás sin sonraítear iad de réir a gcostas.

Creidiúnaithe Trádála agus Creidiúnaithe Eile

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile a aithint i dtosach de réir luach cóir agus sonraítear ina dhiaidh sin iad de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh ráta úis, ach amháin sa chás gurbh ionann agus éifeacht neamhábhartha an éifeacht a bheadh le lascainiú, agus sa chás sin sonraítear iad de réir a gcostas.

Cánachas

Ní ghearrtar aon cháin ar bharrachas na cuideachta de bhrí go bhfuil Stádas Carthanais tugtha don chuideachta (CHY19903).

Fabhrú pá saoire

Aithnítear dliteanas chomh fada le haon teidlíocht pá saoire nár úsáideadh a fhabhraítear ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus a thugtar ar aghaidh go tréimhsí sa todhchaí. Déantar é seo a thomhas ag costas tuarastail neamhlascainithe na teidlíochta saoire sa todhchaí a fhabhraítear amhlaidh ag an Ráiteas Airgeadais Dáta an phoist.

3. Forálacha ar fail do Aonáin Bheaga

Dála a lán gnóthas eile ar chóimhéid agus den chineál céanna, cuidíonn ár n-iniúcháir linn na ráitis airgeadais a ullmhú, tuairisceáin bhliantúla a ullmhú agus a chur faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí agus tuairisceáin a ullmhú agus a chur faoi bhráid na n-údarás cánach.

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Nótaí faoi na Cuntais don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024
(Ar Lean)

4. **Breithiúnas agus Meastacháin Chuntasaíochta Ríthábhachta**
Déantar meastacháin agus breithiúnais a dhéantar le linn ullmhú ráiteas airgeadais na cuideachta a mheasúnú go leanúnach agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhactóirí eile, lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a chreidtear a bheith réasúnta faoi na himthosca.

Meastacháin agus toimhdí cuntasaíochta criticiúla
Déanann na stiúrthóirí meastacháin agus toimhdí maidir leis an todhchaí agus iad ag ullmhú ráitis airgeadais na cuideachta. Is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta a eascraíonn as sin cothrom leis na torthaí iarbhrí gaolmhara, de réir sainmhínithe. Pléitear thíos na meastacháin agus na toimhdí a bhfuil riosca suntasach iontu go ndéanfar coigeartú ábhartha ar mhéideanna iompair sócmhainní agus dlíteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

(i) Gnóthas Leantach
D’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag athrú i mbeartas an rialtais maidir leis an maoiniú deontais a chuirtear ar fáil don chuideachta ar na seirbhísí atá an chuideachta in ann a sholáthar agus ar chumas an comhlucht leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Tar éis fiosrúcháin a dhéanamh agus staid airgeadais na cuideachta agus na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo amach anseo a bhreithniú, chinn na stiúrthóirí nach bhfuil aon neamhchinnteachtaí ábhartha ann faoi chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann tamaill. Ar an gcúis seo, leantar de bheith ag glacadh leis an mbonn gnóthais leanúnaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

5. **Ioncam**

	2024 Cistí Neamh- Shrianta €	2024 Cistí Srianta €	2024 Iomlán €	2023 Iomlán €
5.1 Gníomhaíochtaí Carthanúla				
Deontais ón Rialtais agus				
ó chomhghaoinitheoirí eile				
An Comhairle Ealaín	165,000	13,572	178,572	173,028
Foras na Gaeilge	40,000	11,500	51,500	42,000
Arts Council Northern Ireland	-	16,583	16,583	-
Comhairle Cathrach Bhaile				
Átha Cliath	10,000	-	10,000	10,000
Cumann Culturtha Mhic Reachtain	-	-	-	2,744
Feile na Gealaí	-	1,000	1,000	4,000
Comhairle Chontae Dhún				
Laoghaire – Rath an Dúin	-	4,900	4,900	2,900
Leabharlanna Cathair Bhaile				
Átha Cliath	-	4,000	4,000	3,000
Conradh na Gaeilge	-	750	750	1,000
Eigse Éireann	-	3,739	3,739	3,000
	<u>215,000</u>	<u>56,044</u>	<u>271,044</u>	<u>241,672</u>

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Nótaí faoi na Cuntais don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024
(Ar Lean)

	2024 Cistí Neamh- Shrianta €	2024 Cistí Srianta €	2024 Iomlán €	2023 Iomlán €
5.2 Ioncam Eile				
Ioncam ag an Doirse	12,784	-	12,784	4,280
	=====	=====	=====	=====
6. Caiteachas				
	2024 Costaisí Díreach €	2024 Costaisí Tacaíochta €	2024 Iomlán €	2023 Iomlán €
6.1 Gníomhaíochtaí Carthanúla				
Caiteachas ar Gníomhaíochtaí Carthanúla	105,913	178,230	284,143	265,606
	=====	=====	=====	=====
			2024 €	2023 €
6.2 Costaisí Tacaíochta				
Tuarastal			119,072	116,877
Pinsean			8,144	2,500
Cios – Ionaid			-	6,921
Arachas			2,865	2,061
Taisteal, Loistin, Feilteachas			6,831	13,217
Fuaim, Trealamh ar Chíos			-	11,568
Fograíocht, Poiblíocht, Clodoireacht, Dearadh			27,459	24,395
Taighde, Aistriuchain, Ilchostais			830	2,513
Grianghraif, Taifid			-	1,000
Costais Oifige			6,278	2,380
Iniuchadh & Cuntasaíocht			6,088	8,840
Meain Shoisialta			-	1,476
Costais Bainc			663	404
			178,230	194,152
			=====	=====

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Nótaí faoi na Cuntais don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024
(Ar Lean)

	2024	2023
	€	€
7. Fostaithe agus Iocaíochtaí		
Sé an líon daoine a bhí fostaithe ag an gcuideachta ar an meán i rith an bhliain ná 2 (2023 - 2). Áirítear ar chostais na foirne:		
Pá agus Tuarastal	107,282	105,247
Costais Leasa Shóisialaigh	11,790	11,630
Pinsean	8,144	2,500
	<u>127,216</u>	<u>119,377</u>
	=====	=====

Níl aon fhostaithe a fuair sochair fostaithe (gan costais phinsin an fhostóra san áireamh) níos mó ná €60,000 don tréimhse tuairiscithe.

Níor íocadh na stiúrthóirí agus ní bhfuair siad aon sochair ó fhostaíocht sa Chuideachta i rith na bliana (2023: Énialas). Ní raibh aon aisíocaíocht le stiúrthóirí as speansais taistil deimhnithe chuig cruinnithe Boird (2023: Énialas).

8. Farasbarr ar Ghnáth Imeachtaí Roimh Cháin

Taréis na muirir seo leanas a asbhaint:

Táillí Iniúcháirí – Seirbhísí Iniúcháireachta	4,243	6,975
	=====	=====

9. Cáin Chorpáraide

Níl aon Cáin Corparáide le n-íoc toisc go bhfuil diolúine ó cháin ag IMRAM Féile Litríochta Gaeilge (CHY 19903).

10. Fiachóirí

Ioncam Infhaighte	2,239	3,457
	=====	=====

11. Creidneoirí (Gearrthearmach)

Creidneoirí & Costaisí	14,490	9,430
IMAT/ASPC/USC	2,681	2,779
Ioncam Coinnithe Siar	10,059	76,952
	<u>27,230</u>	<u>89,161</u>
	=====	=====

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Nótaí faoi na Cuntais don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024
(Ar Lean)

12. Deontas

12.1. Gníomhaireacht Deontais	An Chomhairle Ealaíon
Roinn Rialtais	An Roinn Cultúir, Cumarsáide & Spóirt
Clár Deontais	Maoiniú Straitéiseach
Aidhm an Deontais	Maoiniú do chuspóirí lárnacha agus ealaíonta
Deontas Iomlán	€165,000
- Deontas a glacadh mar ioncam sa bliain	€165,000
- An t-airgead a fuarthas sa tréimshe	€107,250
- Aon suimeanna deontais iarchurtha nó dlite ag deireadh na bliain	€-
Téarma	2024
Deireadh na bliana a fuarthas	31 Nollaig 2024
Deontas Caipitil	Níl
Srian ar Úsáid	Níl
Imréiteach Cánach	Tá
An bhfuil sé ag comhlíonadh ciorcláin ábhartha, lena n-áirítear ciorclán 44/2006, “Tax Clearance Procedures Grants, Subsidies and Similar Type Payments”	Tá
12.2. Gníomhaireacht Deontais	An Chomhairle Ealaíon
Roinn Rialtais	An Roinn Cultúir, Cumarsáide & Spóirt
Clár Deontais	Scéim Tacaíochta um Fhorbairt Acmhainne 2023
Aidhm an Deontais	Cur le hachmhainní ar line
Deontas Iomlán	€17,200
- Deontas a glacadh mar ioncam sa bliain	€13,572
- An t-airgead a fuarthas sa tréimshe	€ 3,440
- Aon suimeanna deontais iarchurtha nó dlite ag deireadh na bliain	€-
Téarma	2023
Deireadh na bliana a fuarthas	31 Nollaig 2023 & 2024
Deontas Caipitil	Níl
Srian ar Úsáid	Tá
12.3. Gníomhaireacht Deontais	Foras na Gaeilge
Roinn Rialtais	An Roinn Cultúir, Cumarsáide & Spóirt
Clár Deontais	Clár na Leabhar Gaeilge
Aidhm an Deontais	Maoiniú Straitéiseach
Deontas Iomlán	€40,000
- Deontas a glacadh mar ioncam sa bliain	€40,000
- An t-airgead a fuarthas sa tréimshe	€40,000
- Aon suimeanna deontais iarchurtha nó dlite ag deireadh na bliain	€-
Téarma	2024
Deireadh na bliana a fuarthas	31 Nollaig 2024
Deontas Caipitil	Níl
Srian ar Úsáid	Níl

**IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)**

**Nótaí faoi na Cuntais don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024
(Ar Lean)**

12. Deontas (Ar Leanúint)

12.4. Gníomhaireacht Deontais	Foras na Gaeilge
Roinn Rialtais	An Roinn Cultúir, Cumarsáide & Spóirt
Clár Deontais	Colmcille Éirinn is Alba
Aidhm an Deontais	Deontas cabhrach do tionscadal
Deontas Iomlán	€11,500
- Deontas a glacadh mar ioncam sa bliain	€11,500
- An t-airgead a fuarthas sa tréimshe	€11,500
- Aon suimeanna deontais iarchurtha nó dlite ag deireadh na bliain	€ -
Téarma	2024
Deireadh na bliana a fuarthas	31 Nollaig 2024
Deontas Caipitil	Níl
Srian ar Úsáid	Tá – Gloine na Mara & Buile Shuibhne
12.5. Gníomhaireacht Deontais	Arts Council of Northern Ireland
Clár Deontais	National Lottery Project Funding Programme
Aidhm an Deontais	Maoiniú don Tograí
Deontas Iomlán	€20,140
- Deontas a glacadh mar ioncam sa bliain	€16,583
- An t-airgead a fuarthas sa tréimshe	€18,715
- Aon suimeanna deontais iarchurtha ag deireadh na bliain	€10,059
Téarma	2023/24
Deireadh na bliana a fuarthas	31 Nollaig 2024
Deontas Caipitil	Níl
Srian ar Úsáid	Tá – IMRAM Cois Cuain
12.6. Gníomhaireacht Deontais	Comhairle Cathrach Baile Átha Cliath
Roinn Rialtais	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht
Clár Deontais	Deontas Ealaíon 2024
Aidhm an Deontais	Maoiniú do chuspóirí lánacha agus ealaíonta
Deontas Iomlán	€10,000
- Deontas a glacadh mar ioncam sa bliain	€10,000
- An t-airgead a fuarthas sa tréimshe	€10,000
- Aon suimeanna deontais iarchurtha nó dlite ag deireadh na bliain	€ -
Téarma	2024
Deireadh na bliana a fuarthas	31 Nollaig 2024
Deontas Caipitil	Níl
Srian ar Úsáid	Níl

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Nótaí faoi na Cuntais don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024
(Ar Lean)

12. Deontas (Ar Leanúint)

12.7. Gníomhaireacht Deontais	Leabharlanna Cathair Bhaile Átha Cliath
Roinn Rialtais	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht
	Aidhm an DeontaisIMRAM na nÓg a léiriú i leabharlanna na cathrach
Deontas Iomlán	€4,000
- Deontas a glacadh mar ioncam sa bliain	€4,000
- An t-airgead a fuarthas sa tréimshe	€4,000
- Aon suimeanna deontais iarchurtha nó dlite ag deireadh na bliain	€ -
Téarma	2024
Deireadh na bliana a fuarthas	31 Nollaig 2024
Deontas Caipitil	Níl
Srian ar Úsáid	Tá – Imeachtaí i leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath
12.8. Gníomhaireacht Deontais	Conradh na Gaeilge
Roinn Rialtais	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Clár Deontais	Ciste Spreaghtha
Aidhm an Deontais	Éist leis an Éanlaith a léiriú
Deontas Iomlán	€750
- Deontas a glacadh mar ioncam sa bliain	€750
- An t-airgead a fuarthas sa tréimshe	€750
- Aon suimeanna deontais iarchurtha nó dlite ag deireadh na bliain	€ -
Téarma	2024
Deireadh na bliana a fuarthas	31 Nollaig 2024
Deontas Caipitil	Níl
Srian ar Úsáid	Tá - Éist leis an Éanlaith
12.9. Gníomhaireacht Deontais	Éigse Éireann
Roinn Rialtais	An Roinn Cultúir, Cumarsáide & Spóirt
Clár Deontais	Scéim Comhpháirtíochta
Aidhm an Deontais	Maoiniú don Tograí
Deontas Iomlán	€800
- Deontas a glacadh mar ioncam sa bliain	€800
- An t-airgead a fuarthas sa tréimshe	€800
- Aon suimeanna deontais iarchurtha nó dlite ag deireadh na bliain	€ -
Téarma	2024
Deireadh na bliana a fuarthas	31 Nollaig 2024
Deontas Caipitil	Níl
Srian ar Úsáid	Tá - Ceolta

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)
Nótaí faoi na Cuntais don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024
(Ar Lean)

12. Deontas (Ar Leanúint)

12.10Gníomhaireacht Deontais	Éigse Éireann
Roinn Rialtais	An Roinn Cultúir, Cumarsáide & Spóirt
Clár Deontais	Comhpháirtíocht
Aidhm an Deontais	Maoiniú don Tograí
Deontas Iomlán	€3,639
- Deontas a glacadh mar ioncam sa bliain	€2,939
- An t-airgead a fuarthas sa tréimshe	€4,700
- Aon suimeanna deontais iarchurtha nó dlite ag deireadh na bliain	€ -
Téarma	2024
Deireadh na bliana a fuarthas	31 Nollaig 2024
Deontas Caipítíl	Níl
Srian ar Úsáid	Tá – Duais Basho

13. Ceangaltais Chaipítíl

Ní raibh aon cheangaltas caipítíl ábhartha ar an gcuideachta ag deireadh na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

14. Stádas Dlíthiúil

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta an carthanais nach bhfuil scairchaipiteal aici.

Tá teorainn le dlíteanas na gcomhaltaí.

19. Tarlúintí tar éis Dheireadh na Bliain Tuairiscithe

Ní raibh aon tarlúint thábhachtach ann a rinne difear don chuideachta ó dheireadh na bliana.

20. Idirbhearta Gaolmhara Tríú Páirtí

Ní raibh idirbhearta páirtithe gaolmhara.

21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne an bord stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh agus a údarú lena n-eisiúint ar an 13ú Lúnasa 2025.

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)

Eolas Breise
a bhaineann leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024
nach bhfuil clúdaithe i dTuarascáil na nIniúcháirí
Níl na Leathanaigh Seo a Leanas ina gCuid de na Ráitis Airgeadais Iniúchta

IMRAM Féile Litríochta Gaeilge
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal)
Cuntas Ioncam agus Caiteachas don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2024

	2024	2023
	€	€
Ioncam		
An Chomhairle Ealaíon	178,572	173,028
Foras na Gaeilge – Clar na Leabhar Gaeilge	51,500	42,000
Arts Council Northern Ireland	16,583	-
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	10,000	10,000
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	-	2,744
Feile na Gealaí	1,000	4,000
Comhairle Chontae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin	4,900	2,900
Leabharlanna Cathaí Bhaile Átha Cliath	4,000	3,000
Conradh na Gaeilge – Ciste Speagtha	750	1,000
Eigse Éireann	3,739	3,000
Ioncam ag na Doirse	12,784	4,280
	283,828	245,952
Caiteachas		
Tuarastal	119,072	116,877
Pinsean	8,144	2,500
Cíos - ionaid	-	6,921
Arachas	2,865	2,061
Tograí	105,913	71,454
Taisteal, Loistin, Feilteachas	6,831	13,217
Fuaim, Trealamh ar Chíos	-	11,568
Fograíocht, Poiblíocht, Clodoircacht, Dearadh	27,459	24,395
Taighde, Aistriúchain, Ilchostais	830	2,513
Grianghraif, Taifid	-	1,000
Costais Oifige	6,278	2,380
Iniúchadh & Cuntasaíocht	6,088	8,840
Meain Shoisialta	-	1,476
Costais Bainc	663	404
	284,143	265,606
(Easnamh) na bliana	(315)	(19,654)